Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10665/23**
**ADD 1**

**POLCOM 118**
**USA 40**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 327 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú le Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le slabhraí soláthair idirnáisiúnta mianraí criticiúla a neartú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 327 final - IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2023) 327 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.6.2023
COM(2023) 327 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú le Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le slabhraí soláthair idirnáisiúnta mianraí criticiúla a neartú**

GA GA

# IARSCRÍBHINN

## TREORACHA MAIDIR LE CAIBIDLÍOCHT LE hAGHAIDH COMHAONTÚ LE STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ MAIDIR LE SLABHRAÍ SOLÁTHAIR IDIRNÁISIÚNTA MIANRAÍ CRITICIÚLA A NEARTÚ

### Cineál agus Raon Feidhme an Chomhaontaithe

1. Ba cheart forálacha a bheith sa Chomhaontú maidir le slabhraí soláthair idirnáisiúnta mianraí criticiúla agus earnálacha gaolmhara a neartú.

2. Ba cheart an Comhaontú a bheith iomlán comhsheasmhach le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ('EDT') agus le comhaontuithe idirnáisiúnta eile arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach nó ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit.

### Cuspóirí

3. Leis an gComhaontú ba cheart an trádáil ar shlabhraí soláthair idirnáisiúnta mianraí criticiúla agus éagsúlú na slabhraí sin a neartú agus glacadh teicneolaíochtaí le haghaidh ceallraí feithiclí leictreacha a chur chun cinn trí chomhthiomantas an Aontais Eorpaigh agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a chur ar bhonn foirmiúil maidir leis an trádáil a éascú, an iomaíocht chothrom agus coinníollacha margadh-dhírithe le haghaidh na trádála i mianraí criticiúla a chur chun cinn, caighdeáin láidre saothair agus chomhshaoil a bhaineann leis an trádáil a áirithiú i slabhraí soláthair mianraí criticiúla, agus dul i gcomhar le chéile in iarrachtaí slabhraí soláthair slána, inbhuanaithe agus cothromasacha a áirithiú maidir le mianraí criticiúla.

### Ábhar an Chomhaontaithe

4. Ba cheart forálacha a bheith sa Chomhaontú maidir le slabhraí soláthair idirnáisiúnta mianraí criticiúla a neartú, agus ar an gcaoi sin déanfar foráil maidir le gealltanais fhrithpháirteacha trádála, saothair agus chomhshaoil.

*Gnéithe éascaithe trádála*

5. Leis an gComhaontú ba cheart an trádáil a éascú, cur leis an rochtain ar fhoinsí mianraí criticiúla atá inbhuanaithe, iontaofa agus saor ó mhí-úsáidí saothair, agus an iomaíocht chothrom agus coinníollacha margadh-dhírithe le haghaidh na trádála i mianraí criticiúla a chur chun cinn.

6. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gComhaontú comhthuiscint ar beartais agus nósanna imeachta neamh-mhargaidh atá saobhach agus a bhaineann le mianraí criticiúla, agus le hearnálacha gaolmhara eile a thógáil, mar aon le gníomhaíocht chomhordaithe a fhorbairt chun éagsúlú slabhraí soláthair a chothú, leochaileachtaí a laghdú, agus a riosca a bhaint de spleáchais straitéiseacha.

*Gnéithe inbhuanaitheachta*

7. Leis an gComhaontú ba cheart comhar in obair atá ar bun a spreagadh lena n-áirítear maidir le caighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh measúnú saolré ar mhianraí criticiúla, agus le haghaidh a n-eastóscadh, a lipéadú agus n-athchúrsáil d'fhonn tacú le slabhraí soláthair inbhuanaithe.

8. Leis an gComhaontú ba cheart ardleibhéil cosanta comhshaoil a chur chun cinn i ndáil le mianraí criticiúla agus feabhas ar leibhéil cosanta comhshaoil a chothú maidir le saolré na mianraí criticiúla agus maidir leis an trádáil i mianraí criticiúla.

9. Ba cheart a chur i dtábhacht sa Chomhaontú an ról tábhachtach atá ag comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha i gcosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear maidir leis na tionchair a bhíonn ag saolré na mianraí criticiúla ar an gcomhshaol, agus an tábhacht a bhaineann le comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha ábhartha a chur chun feidhme.

10. Leis an gComhaontú ba cheart bearta a spreagadh lena gcuirtear cineálacha cur chuige chun cinn atá níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de agus a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach chun an t-éileamh ar eastóscadh mianraí criticiúla agus ar phróisis ghaolmhara, agus an tionchar a bhíonn aige sin ar an gcomhshaol, a laghdú.

*Gnéithe saothair*

11. Leis an gComhaontú ba cheart a dhearbhú go bhfuil sé beartaithe ag an dá thaobh cearta saothair a ghlacadh agus a choinneáil ar bun ina gcuid dlíthe agus cleachtas, sin agus beartais a choinneáil ar bun a mheastar a bheith iomchuí chun oibrithe san earnáil mianraí criticiúla a chosaint ar aon idirdhealú fostaíochta i gcomhréir le prionsabail agus cearta bunúsacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair san obair.

12. Ba cheart a aithint sa Chomhaontú a thábhachtaí atá comhar mar bhealach chun dul chun cinn a dhéanamh ar spriocanna coiteanna a bhaineann le cearta saothair in eastóscadh agus próiseáil mianraí criticiúla.

13. Ba cheart a aithint sa Chomhaontú a thábhachtaí atá sé dul i gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara maidir le beartas trádála a bhaineann le slabhraí soláthair mianraí criticiúla, lena n-áirítear eagraíochtaí saothair, comhshaoil agus gnó, ionadaithe ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

*Gnéithe idirnáisiúnta*

14. Ba cheart a aithint sa Chomhaontú a thábhachtaí atá iarrachtaí leanúnacha déthaobhacha agus ilpháirtithe chun slabhraí soláthair inbhuanaithe agus cothromasacha a neartú trí chaighdeáin choiteanna idir comhghuaillithe agus comhpháirtithe. Dá réir sin, rachaidh an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá i gcomhar le chéile agus i bhfóraim ilpháirtithe, de réir mar is iomchuí, maidir le hiarrachtaí slabhraí soláthair slána, inbhuanaithe agus cothromasacha a áirithiú maidir le mianraí criticiúla.